2026/2594

24.11.2026

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2026/2594 ÓN gCOIMISIÚN

an 6 Samhain 2026

lena ndeonaítear údarú Aontais le haghaidh na fine táirgí bithicídeacha 'BPF_H2O2_AB' i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Bealtaine 2012 maidir le táirgí bithicídeacha a chur ar fáil ar an margadh agus a úsáid ([1]), agus go háirithe Airteagal 44(5), an chéad fhomhír, de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 13 Samhain 2025 chuir Applied Biocide GmbH iarratas faoi bhráid na Gníomhaireachta Eorpaí Ceimiceán ('an Ghníomhaireacht'), i gcomhréir le hAirteagal 43(1) de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 agus le hAirteagal 4 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 414/2013 ón gCoimisiún ([2]), ar údarú Aontais le haghaidh na fine céanna táirgí bithicídeacha 'BPF_H2O2_AB' de chineálacha táirgí 2, 3 agus 4, mar a thuairiscítear in Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 528/2012. Rinneadh taifead den iarratas faoi chás-uimhir BC-BY111882-19 sa Chlár do Tháirgí Bithicídeacha.

(2) Baineann an t-iarratas le fine táirgí chéanna, dá dtagraítear in Airteagal 1 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 414/2013, leis an bhfine táirgí tagartha ghaolmhar 'INTEROX Biocidal Product Family 1', fine a údaraíodh le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1232 ón gCoimisiún ([3]) faoin uimhir údaraithe EU-0027468-0000.

(3) Is í sárocsaíd hidrigine an tsubstaint ghníomhach atá sa táirge bithicídeach 'BPF_H2O2_AB', ar substaint í a chuimsítear sa liosta Aontais de shubstaintí gníomhacha formheasta dá dtagraítear in Airteagal 9(2) de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 i gcás chineálacha táirgí 2, 3 agus 4.

(4) An 4 Feabhra 2026, chuir an Ghníomhaireacht an tuairim uaithi ([4]) faoi bhráid an Choimisiúin, i gcomhréir le hAirteagal 6 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 414/2013, mar aon leis an dréacht-achoimre ar shaintréithe an táirge ('AST') le haghaidh 'BPF_H2O2_AB', i gcomhréir le hAirteagal 44(4) de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012.

(5) Sa tuairim uaithi, tagann an Ghníomhaireacht ar an gconclúid nach bhfuil sna difríochtaí atá beartaithe idir an fhine táirgí bithicídeacha 'BPF_H2O2_AB' agus an fhine táirgí bithicídeacha thagartha ghaolmhar 'INTEROX Biocidal Product Family 1' ach faisnéis a d'fhéadfadh a bheith faoi réir athrú riaracháin i gcomhréir le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 354/2013 ([5]) ón gCoimisiún, agus, ar bhonn an mheasúnaithe ar an bhfine táirgí bithicídeacha thagartha ghaolmhar 'INTEROX Biocidal Product Family 1' agus faoi réir chomhlíonadh na dréacht-achoimre ar shaintréithe an táirge bhithicídigh, go gcomhlíonann an fhine táirgí bithicídeacha 'BPF_H2O2_AB' na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 19(6) de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012.

([1]) IO L 167, 27.6.2012, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2012/528/oj.

([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 414/2013 ón gCoimisiún an 6 Bealtaine 2013 lena sonraítear nós imeachta maidir le húdarú na dtáirgí bithicídeacha céanna i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle. (IO L 125, 7.5.2013, lch. 4, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2013/414/oj).

([3]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1232 ón gCoimisiún an 13 Iúil 2022 lena ndeonaítear údarú Aontais le haghaidh na fine táirgí bithicídeacha 'INTEROX Biocidal Product Family 1'. (IO L 190, 19.7.2022, lch. 7, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2022/1232/oj.

([4]) Tuairim ón nGníomhaireacht Eorpach Ceimiceán an 4 Feabhra 2026 maidir leis an údarú Aontais le haghaidh na fine céanna táirgí bithicídeacha 'BPF_H2O2_AB', https://echa.europa.eu/opinions-on-union-authorisation.

([5]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 354/2013 ón gCoimisiún an 18 Aibreán 2013 maidir le hathruithe ar tháirgí bithicídeacha arna n-údarú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle. (IO L 109, 19.4.2013, lch. 4, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2013/354/oj).

(6) Dá bhrí sin, is iomchuí údarú Aontais a dheonú le haghaidh na fine céanna táirgí bithicídeacha 'BPF_H2O2_AB'.

(7) Ba cheart dáta éaga an údaraithe a bheith ailínithe le dáta éaga údarú na fine táirgí bithicídeacha tagartha gaolmhaire 'INTEROX Biocidal Product Family 1'.

(8) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Tháirgí Bithicídeacha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Deonaítear leis seo údarú Aontais ag a bhfuil an uimhir údaraithe EU-0036534-0000 do Applied Biocide GmbH chun an fhine táirgí bithicídeacha 'BPF_H2O2_AB' a chur ar fáil ar an margadh agus a úsáid i gcomhréir leis an achoimre ar shaintréithe an táirge a leagtar amach san Iarscríbhinn.

Tá an t-údarú Aontais bailí ón 14 Nollaig 2026 go dtí an 31 Iúil 2032.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 6 Samhain 2026.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

ACHOIMRE AR SHAINTRÉITHE AN TÁIRGE LE HAGHAIDH TACAR TÁIRGÍ BITHICÍDEACHA

BPF_H2O2_AB

Cineál nó cineálacha táirge

PT02: Dífhabhtáin agus ailgicídí nach bhfuil beartaithe le húsáid go díreach ar dhaoine ná ar ainmhithe

PT04: Limistéar bia agus beatha

PT03: Sláinteachas tréidliachta

Uimhir an údaraithe

EU-0036534-0000

Uimhir sócmhainne R4BP

EU-0036534-0000

CUID I.

AN CHÉAD LEIBHÉAL FAISNÉISE

1 FAISNÉIS RIARACHÁIN

1.1 **Ainm an tacair**

Ainm	BPF_H2O2_AB

1.2 Cineál nó cineálacha táirge

Cineál nó cineálacha táirge	PT02: Dífhabhtáin agus ailgicídí nach bhfuil beartaithe le húsáid go díreach ar dhaoine ná ar ainmhithe PT04: Limistéar bia agus beatha PT03: Sláinteachas tréidliachta

1.3 **Sealbhóir an údaraithe**

Ainm agus seoladh shealbhóir an údaraithe	Ainm	Applied Biocide GmbH
	Seoladh	Siemensstraße 42 59199 Bönen DE
Uimhir an údaraithe	EU-0036534-0000	
Uimhir sócmhainne R4BP	EU-0036534-0000	
Dáta an údaraithe	14.12.2026	
Dáta éaga an údaraithe	31/07/2032	

1.4 **Monaróir/monaróirí an táirge**

Ainm an mhonaróra	Solvay Interox Limited

Seoladh an mhonaróra	Baronet Road, Solvay House WA4 6HA Warrington Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann
Suíomh na láithreán monaraíochta	Solvay Interox Limited site 1 Solvay Interox Limited, Baronet Road, Solvay House WA4 6HA Warrington Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann

Ainm an mhonaróra	Solvay Chemicals Finland Oy
Seoladh an mhonaróra	YRJÖNOJANTIE 2, 45910 VOIKKAA, An Fhionlainn
Suíomh na láithreán monaraíochta	Solvay Chemicals Finland Oy site 1 Solvay Chemicals Finland Oy, YRJÖNOJANTIE 2, 45910 VOIKKAA, An Fhionlainn

Ainm an mhonaróra	Solvay Chemicals GmbH Germany
Seoladh an mhonaróra	KOETHENSCHE STRASSE 1-3 06406 DE BERNBURG An Ghearmáin
Suíomh na láithreán monaraíochta	Solvay Chemicals GmbH Germany site 1 Solvay Chemicals GmbH Germany, KOETHENSCHE STRASSE 1-3 06406 DE BERNBURG An Ghearmáin

Ainm an mhonaróra	Solvay Chemie BV Netherlands
Seoladh an mhonaróra	SCHEPERSWEG, 1 6049 CV HERTEN An Ísiltír
Suíomh na láithreán monaraíochta	Solvay Chemie BV Netherlands site 1 Solvay Chemie BV Netherlands, SCHEPERSWEG, 1 6049 CV HERTEN An Ísiltír

Ainm an mhonaróra	Solvay Chimica Italia SpA Italy
Seoladh an mhonaróra	VIA PIAVE, 6 Rosignano SOLVAY LI 57013 Rosignano An Iodáil
Suíomh na láithreán monaraíochta	Solvay Chimica Italia SpA Italy site 1 Solvay Chimica Italia SpA Italy, VIA PIAVE, 6 Rosignano SOLVAY LI 57013 Rosignano An Iodáil

Ainm an mhonaróra	Solvay Chimie SA Belgium
Seoladh an mhonaróra	Rue de Ransbeek 310 1120 BE Brussels An Bheilg
Suíomh na láithreán monaraíochta	Solvay Chimie SA Belgium site 1 Solvay Chimie SA Belgium, RUE SOLVAY, 39 5190 BE, JEMEPPE-SUR-SAMBRE An Bheilg Solvay Chimie SA Belgium site 2 Solvay Chimie SA Belgium, SCHELDELAAN 600 – HAVEN 725, 2040 BE Antwerp, An Bheilg

Ainm an mhonaróra	Solvay Interox Produtos Peroxidados SA
Seoladh an mhonaróra	RUA ENG. CLEMENT DUMOULIN 2625-106 POVOA DE SANTA IRIA An Phortaingéil
Suíomh na láithreán monaraíochta	Solvay Interox Produtos Peroxidados SA site 1 Solvay Interox Produtos Peroxidados SA, RUA ENG. CLEMENT DUMOULIN 2625-106 POVOA DE SANTA IRIA An Phortaingéil

1.5 **Monaróir/monaróirí na substainte gníomhaí nó na substaintí gníomhacha**

Substaint ghníomhach	Hydrogen peroxide
Ainm an mhonaróra	Solvay Interox Limited
Seoladh an mhonaróra	Baronet Road, Solvay House WA4 6HA Warrington Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann
Suíomh na láithreán monaraíochta	Solvay Interox Limited site 1 Solvay Interox Limited, Baronet Road, Solvay House WA4 6HA Warrington Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann

Substaint ghníomhach	Hydrogen peroxide
Ainm an mhonaróra	Solvay Chemicals Finland Oy
Seoladh an mhonaróra	YRJÖNOJANTIE 2, 45910 VOIKKAA, An Fhionlainn
Suíomh na láithreán monaraíochta	Solvay Chemicals Finland Oy site 1 Solvay Chemicals Finland Oy, YRJÖNOJANTIE 2, 45910 VOIKKAA, An Fhionlainn

Substaint ghníomhach	Hydrogen peroxide
Ainm an mhonaróra	Solvay Chemicals GmbH Germany
Seoladh an mhonaróra	KOETHENSCHE STRASSE 1-3 06406 BERNBURG An Ghearmáin
Suíomh na láithreán monaraíochta	Solvay Chemicals GmbH Germany site 1 Solvay Chemicals GmbH Germany, KOETHENSCHE STRASSE 1-3 06406 BERNBURG An Ghearmáin

Substaint ghníomhach	Hydrogen peroxide
Ainm an mhonaróra	Solvay Chimica Italia SpA Italy
Seoladh an mhonaróra	VIA PIAVE, 6 ROSIGNANO SOLVAY LI 57013 ROSIGNANO An Iodáil
Suíomh na láithreán monaraíochta	Solvay Chimica Italia SpA Italy site 1 Solvay Chimica Italia SpA Italy, VIA PIAVE, 6 ROSIGNANO SOLVAY LI 57013 ROSIGNANO An Iodáil

Substaint ghníomhach	Hydrogen peroxide
Ainm an mhonaróra	Solvay Chimie SA Belgium

Seoladh an mhonaróra	Rue de Ransbeek 310 1120 Brussels An Bheilg
Suíomh na láithreán monaraíochta	Solvay Chimie SA Belgium site 1 Solvay Chimie SA Belgium, RUE SOLVAY 39, 5190 BE JEMEPPE-SUR-SAMBRE, An Bheilg ,Solvay Chimie SA Belgium site 2, Solvay Chimie SA Belgium, SCHELDELAAN 600 – HAVEN 725, 2040 BE Antwerp, An Bheilg

Substaint ghníomhach	Hydrogen peroxide
Ainm an mhonaróra	Solvay Interox Produtos Peroxidados SA
Seoladh an mhonaróra	RUA ENG. CLEMENT DUMOULIN 2625-106 POVOA DE SANTA IRIA An Phortaingéil
Suíomh na láithreán monaraíochta	Solvay Interox Produtos Peroxidados SA site 1 Solvay Interox Produtos Peroxidados SA, RUA ENG. CLEMENT DUMOULIN 2625-106 POVOA DE SANTA IRIA An Phortaingéil

2 COMHDHÉANAMH AGUS FOIRMLIÚ AN TACAIR TÁIRGÍ

2.1 **Faisnéis cháilíochtúil agus chainníochtúil faoi chomhdhéanamh an tacair**

Gnáthainm	Ainm IUPAC	Feidhm	Uimhir CAS	Uimhir CE	Cion (%)
Hydrogen peroxide		Substaint ghníomhach	7722-84-1	231-765-0	13 - 49,9 % (w/w)

2.2 **Cineál/cineálacha foirmlithe**

Cineál nó cineálacha foirmlithe	AL Aon leacht eile SL Tiúchán intuaslagtha

CUID II.

AN DARA LEIBHÉAL FAISNÉISE MEITEA-SPC(ANNA)

1 MEITEA-SPC 1 FAISNÉIS RIARACHÁIN

1.1 **MEITEA-SPC 1 aitheantóir**

Aitheantóir	Meta SPC: Meta SPC 1

1.2 **Iarmhír na huimhreach údaraithe**

Uimhir	1-1

1.3 **Cineál nó cineálacha táirge**

Cineál nó cineálacha táirge	PT02: Dífhabhtáin agus ailgicídí nach bhfuil beartaithe le húsáid go díreach ar dhaoine ná ar ainmhithe PT03: Sláinteachas tréidliachta

2 COMHDHÉANAMH META SPC 1

2.1 **Faisnéis cháilíochtúil agus chainníochtúil faoi chomhdhéanamh meitea-SPC 1**

Gnáthainm	Ainm IUPAC	Feidhm	Uimhir CAS	Uimhir CE	Cion (%)
Hydrogen peroxide		Substaint ghníomhach	7722-84-1	231-765-0	13 - 13,5 % (w/w)

2.2 **Cineál/cineálacha foirmlithe meitea-SPC 1**

Cineál nó cineálacha foirmlithe	AL Aon leacht eile

3 RÁITIS GHUAISE AGUS RÉAMHCHÚRAIM MEITEA-SPC 1

Ráitis ghuaise	H272: D'fhéadfadh sé cur le tine; ocsaídeoir. H318: Ina chúis le damáiste tromchúiseach don tsúil.
Ráitis réamhchúraim	P210: Coimeád ó theas, dromchlaí te, splancacha, lasair gan chosaint agus foinsí eile adhainte. Ná caitear tobac. P220: Coimeád glan ar éadaí agus ar ábhair indóite eile. P280: Caith súilchosaint. P305+P351+P338: I gCÁS TEAGMHÁIL LEIS NA SÚILE: Sruthlaítear go faichilleach le huisce ar feadh roinnt nóiméad. Bain amach lionsaí tadhaill, má tá siad á gcaitheamh agus más féidir iad a bhaint amach go héasca. Lean leis an sruthlú. P310: Cuir glao láithreach ar POISON CENTER or doctor. P370+P378: I gcás dóiteáin: Úsáid water le haghaidh múchta. P501: Diúscair ábhar de réir rialachán áitiúil/réigiúnach/náisiúnta/idirnáisiúnta. P501: Diúscair coimeádán de réir rialachán áitiúil/réigiúnach/náisiúnta/idirnáisiúnta.

4 ÚSÁID/ÚSÁIDÍ ÚDARAITHE MEITEA-SPC

4.1 **Tuairisc úsáide**

Díghalrú dromchlaí d'áiteanna iata ag úsáid sárocsaíd hidrigine

An cineál táirge	PT02: Dífhabhtáin agus ailgicídí nach bhfuil beartaithe le húsáid go díreach ar dhaoine ná ar ainmhithe
I gcás inarb ábhartha, tuairisc bheacht ar an úsáid údaraithe	Neamhábhartha
Spriocorgánach (nó spriocorgánaigh) (lena n-áirítear céim na forbartha)	Ainm eolaíoch: níl aon sonraí ar fáil Gnáthainm: Baictéir Céim na forbartha: níl aon sonraí ar fáil Ainm eolaíoch: níl aon sonraí ar fáil Gnáthainm: Víris Céim na forbartha: níl aon sonraí ar fáil Ainm eolaíoch: níl aon sonraí ar fáil Gnáthainm: fungi/yeasts Céim na forbartha: níl aon sonraí ar fáil Ainm eolaíoch: níl aon sonraí ar fáil Gnáthainm: spóir baictéarach Céim na forbartha: níl aon sonraí ar fáil

Réimse (nó réimsí) úsáide	úsáid laistigh Laistigh, in áiteanna iata. Tionscal cógaisíochta/tionscail nó cosmaidí, mar shampla seomraí glana. Leigheas - áiseanna sláinte, ospidéil, agus feithiclí éigeandála. Institiúideach. Díghalrú do dhromchlaí neamhphóiriúla
Modh (nó modhanna) úsáide	Airí modha: - Tuairisc mhionsonraithe ar an airí: Uathphróiseas neamhdhírithe aerasólaithe (e.g. ceo-chóireáil nó spraeáil)
Ráta (nó rátaí) agus minicíocht feidhmithe	Ráta úsáide: 13 % de shárocsaíd hidrigine (táirge neamhchaolaithe) a cuireadh trí próiseas aerasólaithe i seomraí dúnta. Airí uainithe: Minicíocht - de réir mar is gá don úsáideoir, mar shampla suas go dtí 3 uaire sa ló. Braitheann an t-am chóireála ar an gcineál measín, toise an tseomra nó achar na ndromchlaí a chaithfear a bheith díghalraithe. Úsáid é ag teocht an tseomra.
Catagóir (nó catagóirí) úsáideoirí	gairmiúil
Méideanna paca agus ábhar pacáistíochta	Toisí na bpacáistí (L): 0.25, 1, 2.5, 5, 10, 20, 22, 30, 60, 200, 220 agus 1000 L Ábhar Pacáistithe: Grádanna ceadaithe do HDPE.

4.1.1 *Treoracha úsáidsonracha úsáide*

Úsáid uathchóras uaslódála.

Cuirtear 13 % (w/w) de shárocsaíd hidrigine (táirge neamhchaolaithe) trí próiseas aerasólaithe ag úsáid uathghléas i seomra séalaithe. Féadtar bogthaise an tseomra a bhaint chun tiúcháin níos airde de shárocsaíd hidrigine a chur i ngrích ar dhromchlaí.

Bain bacainní de a d'fhéadfadh cosc a chur ar tháirge aerasólaithe na dromchlaí a bheidh díghalraithe a shroicheadh.

Caithfear na dromchlaí díghalraithe a bheith neamhphóiriúil agus glan roimh an táirge a chur. Ní cheaptar go n-úsáidfidh an táirge seo ar dhromchlaí a d'fhéadfadh bia nó ábhar cotaithe a bheith orthu.

Caithfidh an t-úsáideoir bailíochtú mhicribhitheolaíochta a dhéanamh ar an díghalrú sna seomraí atá chun a bheith díghalraithe (nó i "ngnáthsheomra" cuí má tá sé i gceist) leis na gléasanna a n-úsáidfear, agus i ndiaidh sin féadfar prótacal díghalraithe a cheapadh a d'fhéadfaí a úsáid as sin amach. Bailíochtaítar gach gléas nó fearas ar leith go córasach nuair a chuirtear ar bun é. Bailíochtaítar na coinníollacha feidhmiúcháin optamacha ar an láthair (teocht, taismhéadracht, an t-earra a n-úsáidfear, am idirleata, am eastósctha, etc.). Chomh maith le bailíochtú bhitheolaíochta, caithfear bailíochtú cheimiceáin a dhéanamh.

Taispeánadh éifeachtúlacht dhígalrú an tseomra dar le norm NF T 72-281 trí néalaithiú de 1g sárocsaíd hidrigine in aghaidh mhéadar ciúbach achar an tseomra i 22 nóiméad le 180 nóiméad d'am teagmhála ag teocht an tseomra ina dhiaidh sin.

Caithfear toirt an spáis dhíghalraithe a bheith idir 30 - 150 m3.

Caithfear an méid airmheánach chaithnín a bheith <0.5 µm in aerasóil a úsáidtear le díghalrú a dhéanamh

Ná lig do dhaoine rochtain ar an áit le linn an phróisis dhíghalraithe

4.1.2 *Bearta úsáidsonracha maolaithe riosca*

Caithfear dromchlaí an ionaid coireála a bheith glan agus tirim roimh é a chur.

Séalaigh an t-iniamh cóireála (mar shampla is féidir téip a úsáid) chun a chinniú go gcoimeádtar leibhéil de shárocsaíd hidrigine atá inghlactha mar gheall ar shláinte agus sábháilteacht taobh amuigh den iniamh.

Cinntigh go bhfuil an pearsanra go léir imithe ón iniamh cóireála roimh an táirge a úsáid. Tóg gach planda, ainmhí, deoch agus bia den áit. Ní féidir athiontráil ach nuair atá an tiúchán aeir tar éis titim faoin luach tagartha (1.25 mg/m3). I ndiaidh é a úsáid, caithfear an seomra a aeráil agus is fearr é a dhéanamh go meicniúil. Caithfear an tréimhse aeráilte a chinn trí phróiseas tomhais agus trealamh tomhais atá cuí a úsáid. I gcás a bhfuil sé riachtanach dul isteach sa seomra nuair atá tiúchán na sárocsaíde hidrigine níos mó ná 1.25 mg/m3, ní cheadaítear é a dhéanamh ach sa chás go gcaithfeadh an duine an PPE cuí, SCBA san áireamh (gaireas análaithe atá glanscartha).

Cuir fógraí rabhaidh ar gach bealach isteach atá ann don iniamh cóireála.

4.1.3 *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, sonraí maidir le héifeachtaí díreacha nó indíreacha dóchúla, treoracha garchabhrach agus bearta éigeandála chun an comhshaol a chosaint*

Féach ar threoracha coitianta mar gheall ar úsáid.

4.1.4 *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, na treoracha chun an táirge agus a phacáistiú a dhiúscairt go sábháilte*

Féach ar threoracha coitianta mar gheall ar úsáid.

4.1.5 *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, coinníollacha stórála agus seilfré an táirge de réir na ngnáthdhálaí stórála*

Féach ar threoracha coitianta mar gheall ar úsáid.

5 TREORACHA GINEARÁLTA ÚSÁIDE MAIDIR LE MEITEA-SPC 1

5.1 **Treoracha úsáide**

-

5.2 **Bearta maolaithe riosca**

Ní mór duit cosaint súile a chaitheamh nuair a lámhsíonn tú an táirge.

Caith aghaidhsciath chun steallta a sheachaint.

5.3 **Sonraí maidir le héifeachtaí díreacha nó indíreacha dóchúla, treoracha garchabhrach agus bearta éigeandála chun an comhshaol a chosaint**

Sonraí mar gheall ar éifeachtaí díobhálacha díreacha nó neamhdhíreacha a d'fhéadfadh tarlú:

— I gcás ionanálaithe: Deacrachtaí análaithe, casacht, éidéime scámhógach, masmas, urlacan.

— I gcás theagmháil leis an gcraiceann: Deirge, fíochán ata, greannú craicinn.

— I gcás teagmhála leis na súile: Deirge, deora, fíochán ata, dónna dona.

— I gcás iongháibhála: Masmas, tinneas boilg, urlacan a bhfuil fuil ann, buinneach casacht, gearranáil atá géar, dónna dona béil agus scórnaí agus chomh maith le contúirt an t-éasafagas agus an goile a bheith pollta. Riosca de neamhord riospráide.

Treoracha maidir le garchabhair:

SA CHÁS GUR IONANÁLAIGH TÚ É: Má tharlaíonn aon siomptóim, glao ar ionad nimhe nó glao ar dhoctúir.

SA CHÁS GO BHFUIL SÉ AR CHRAICEANN: Ar an toirt glan an chraiceann le neart uisce. Ina dhiaidh sin, bain díot gach píosa éadaigh éillithe agus glan é roimh é a úsáid arís. Lean ar aghaidh ag glanadh an chraicinn le huisce ar feadh tréimhse ama 15 nóiméad. Cuir glao teileafóin ar ionad nimhe nó ar doctúir.

SA CHÁS GO BHFUIL SÉ SNA SÚILE: Sruthlaigh iad le huisce ar feadh roinnt nóiméad. Bain díot do lionsaí tadhaill má tá cinn ort agus má tá sé éasca iad a bhaint. Lean ar aghaidh ag sruthlú ar feadh tréimhse 15 nóiméad. Glaoigh ar 112/otharcharr chun cabhair leighis a fháil.

SA CHÁS GUR SLOG TÚ É: Sruthlaigh do bhéal le huisce. Tabhair deoch don duine atá gan cosaint ar an gceimiceán más féidir leo slogadh. NÁ hurlaic. Glaoigh ar 112/otharcharr chun cabhair leighis a fháil.

Bearta éigeandála an timpeallacht a chosaint i gcás timpiste:

— Réamhchúraimí timpeallachta:

Ná scaoil amach é. Sa chás go n-éilleann an táirge aibhneacha, lochanna nó draenacha, cuir na húdaráis chuí ar an eolas faoin scéal.

— Modhanna agus ábhair chun aon timpiste a rialú agus a ghlanadh:

Caolaigh é le neart uisce. Dambáil é. Ná measc sruthanna dramhaíola nuair a bhailítear é. Maothaigh é le hábhair ionsúiteacha atá támh. Coimeád é i gcoimeadáin a bhfuil lipéidí cearta orthu. Coimeád é i gcoimeadáin dúnta atá cuí le haghaidh diúscartha. Ná chur ar ais riamh aon doirteadh sna bhunchoimeadáin chun a bheith úsáidte arís.

5.4 **Treoracha chun an táirge agus a phacáistiú a dhiúscairt go sábháilte**

Ná lig táirgí neamhchaolaithe dul sa séarach. Ná scaoil amach aon táirge neamhúsáidte ar an talamh, i gcúrsaí uisce, i bpíoba (folcadán, leithris...) nó i ndraenacha. Ná cuir ar aghaidh ach coimeadáin agus pacáistiú atá folamh chun a bheith athchúrsáilte. Caithfear diúscairt phacáistithe an reachtaíocht diúscairt dramhaíola a chomhlíonadh mar aon le riachanais áitiúla eile.

5.5 **Coinníollacha stórála agus seilfré an táirge de réir na ngnáthdhálaí stórála**

Stóráil: Caithfear sárocsaíd hidrigine a stóráil in umair stórála a bhí deartha i gceart nó sa bhunchoimeádán a bhfuil gaothairí iontu agus a bhfuil ina seasamh i bhfad ó tháirgí neamhréititheacha. Ná úsáid ach ábhair thógála faofa mar gheall ar threalamh nó pacaí atá faofa. Stóráil é in áit fhionnuar atá aeráilte agus cosain é ó dhochar agus in áit nach mbeidh an ghrian ag soilsiú go díreach air. Ná stórail é ag teochtaí níos mó ná 40 °C. Coimeád é i bhfad ó ábhair indóite agus foinsí adhainte agus teasa.

Seilfré: 12 mí i bpacaí HDPE ag teocht chomhthimpeallach.

6 FAISNÉIS EILE

Bí ar an eolas faoin luach tagartha de chuid na hEorpa 1.25 mg/m³ mar gheall ar an tsubstaint sárocsaíd hidrigine (Uimh. CAS: 7722-84-1) a bhí úsáidte chun measúnú riosca a dhéanamh don táirge seo.

7 AN TRÍÚ LEIBHÉAL FAISNÉISE: TÁIRGÍ AONAIR I MEITEA-SPC 1

7.1 **Trádainm (nó trádainmneacha), uimhir údaraithe agus comhdhéanamh sonrach gach táirge aonair**

Trádainm/trádainmneacha	AB H2O2 1
	FINK - Ö 5V
	FINK - Oxi 5V
	FINK - Oxi 14V
	Öron 5V
	Ökoron® 5V
	Antisept Fog
	Antisept Air
	Antisept Oxi
	WH R aktiv 13
	Hydroper 13
	Waperox WH
	KEM-SEPT KS 1013

		PIRANA 1310			
		DAB 1413			
		Ernst Super 2000			
Uimhir an údaraithe		EU-0036534-0001 1-1			
Gnáthainm	Ainm IUPAC	Feidhm	Uimhir CAS	Uimhir CE	Cion (%)
Hydrogen peroxide		Substaint ghníomhach	7722-84-1	231-765-0	13,5 % (w/w)

1 MEITEA-SPC 2 FAISNÉIS RIARACHÁIN

1.1 **MEITEA-SPC 2 aitheantóir**

Aitheantóir	Meta SPC: Meta SPC 4

1.2 **Iarmhír na huimhreach údaraithe**

Uimhir	1-2

1.3 **Cineál nó cineálacha táirge**

Cineál nó cineálacha táirge	PT04: Limistéar bia agus beatha

2 COMHDHÉANAMH META SPC 2

2.1 **Faisnéis cháilíochtúil agus chainníochtúil faoi chomhdhéanamh meitea-SPC 2**

Gnáthainm	Ainm IUPAC	Feidhm	Uimhir CAS	Uimhir CE	Cion (%)
Hydrogen peroxide		Substaint ghníomhach	7722-84-1	231-765-0	25 - 25,7 % (w/w)

2.2 **Cineál/cineálacha foirmlithe meitea-SPC 2**

Cineál nó cineálacha foirmlithe	AL Aon leacht eile

3 RÁITIS GHUAISE AGUS RÉAMHCHÚRAIM MEITEA-SPC 2

Ráitis ghuaise	H272: D'fhéadfadh sé cur le tine; ocsaídeoir. H302: Díobhálach má shlogtar é. H318: Ina chúis le damáiste tromchúiseach don tsúil. H412: Díobhálach don saol uisceach, le héifeachtaí fadtréimhseacha.

Ráitis réamhchúraim	P210: Coimeád ó theas, dromchlaí te, splancacha, lasair gan chosaint agus foinsí eile adhainte. Ná caitear tobac. P220: Coimeád glan ar éadaí agus ar ábhair indóite eile. P264: Nigh hands go lánchúramach tar éis láimhsithe. P270: Ná hith, ná hól nó ná caith tobac nuair atá an táirge seo in úsáid agat. P273: Ná scaoiltear amach sa chomhshaol. P280: Caith súilchosaint. P301+P312: MÁ SHLOGTAR É: Cuir glao ar POISON CENTER/ doctor má bhraitheann tú tinn. P305+P351+P338: I gCÁS TEAGMHÁIL LEIS NA SÚILE: Sruthlaítear go faichilleach le huisce ar feadh roinnt nóiméad. Bain amach lionsaí tadhaill, má tá siad á gcaitheamh agus más féidir iad a bhaint amach go héasca. Lean leis an sruthlú. P310: Cuir glao láithreach ar POISON CENTER/doctor. P330: Sruthlaítear an béal. P370+P378: I gcás dóiteáin: Úsáid water le haghaidh múchta. P403+P233: Stóráil in áit dhea-aeráilte. Coimeád an coimeádán dúnta go docht. P405: Stóráil faoi ghlas. P501: Diúscair ábhar de réir rialachán áitiúil/réigiúnach/náisiúnta/ idirnáisiúnta. P501: Diúscair coimeádán de réir rialachán áitiúil/réigiúnach/ náisiúnta/idirnáisiúnta.

4 ÚSÁID/ÚSÁIDÍ ÚDARAITHE MEITEA-SPC

4.1 **Tuairisc úsáide**

Na pacáistí teireataláit poileitiléine a dhíghalrú trí shárocsaíd hidrigine atá galaithe (VHP)

An cineál táirge	PT04: Limistéar bia agus beatha
I gcás inarb ábhartha, tuairisc bheacht ar an úsáid údaraithe	Neamhábhartha
Spriocorgánach (nó spriocorgánaigh) (lena n-áirítear céim na forbartha)	Ainm eolaíoch: níl aon sonraí ar fáil Gnáthainm: spóir baictéarach Céim na forbartha: níl aon sonraí ar fáil
Réimse (nó réimsí) úsáide	úsáid laistigh Úsáid thionsclaíoch - bia agus in earnáil an bhia cothaithe. Díghalrú a dhéanamh ar ábhar pacáistithe bia.
Modh (nó modhanna) úsáide	Airí modha: - Tuairisc mhionsonraithe ar an airí: Galú uathoibrithe i meaisíní aiseipteacha líonta
Ráta (nó rátaí) agus minicíocht feidhmithe	Ráta úsáide: Ghalaigh táirge neamhchaolaithe (25 % w/w sárocsaíd hidrigine) measín pacáistithe de 400 g/h/. Airí uainithe: Uimhir agus amú na bhforchur de réir mar is gá don úsáideoir. Feidhmíonn meaisíní suas go 120 uaire in aghaidh na seachtaine.
Catagóir (nó catagóirí) úsáideoirí	gairmiúil
Méideanna paca agus ábhar pacáistíochta	Pacáistiú HDPE: 0.25, 1, 2.5, 5, 10, 20, 22, 30, 60, 200, 220 agus 1000 L (IBC). Grádanna ceadaithe do HDPE.

4.1.1 *Treoracha úsáidsonracha úsáide*

Úsáid uathchóras uaslódála.

Úsáid táirge neamhchaolaithe (sárocsaíd hidrigine 25 % w / w) chun pacáistí bia teirphthalait poileitiléin a úsáidtear i bpacáistiú aiseiptigh i dtionscal an bhia a dhíghalrú.

Lean treoracha oibriúcháin an mheaisín le linn na tréimhse díghalraithe, eastóscadh de shárocsaíd hidrigine agus athiontráil. Ná lig do dhaoine rochtain ar an áit le linn an phróisis dhíghalraithe. Taispeánadh a éifeachtúlacht trí mheaisín pacáistithe a chur ar siúl agus a bhí ag táirgeadh 12480 buidéal in aghaidh na huaire ag ráta ídithe de 400 g/h.

Ba cheart an feidhmiú díghalraithe de gach meaisín pacáistithe a bhailíochtú ag úsáid táscairí bitheolacha agus ceimiceacha.

I ndiaidh steiriliú a dhéanamh, séidtriomaigh an pacáistiú ag úsáid aer te atá steiriúil.

4.1.2 *Bearta úsáidsonracha maolaithe riosca*

Le linn an oibriúcháin, cinntigh go leor aerú feadh na meaisíní (LEV) agus sna hallaí tionsclaíocha (aerú teicniciúil).

Le linn na tascanna cothabhála láimhe, cinntigh go bhfuil an leibhéal cuí d'aerú laistigh den meaisín (LEV) roimh doirse an cheantiar aiseipteach a oscailt.

1. Ní aistreofar an táirge ach i bpíoba dúnta tar éis meascadh agus lódáil. Ní cheadaítear dramhaíl ó shreabha uisce nó ó tháirge oscailte.
2. Cuirfear ar siúl tomhais scaoilte san ionad oibre go rialta agus úsáidfear trealamh tomhais cuí mar gheall air tar éis an mhonarcha phacáistithe aiseipteach a chur i bhfeidhm, (moltar é a dhéanamh ar bhonn bliantúil) agus i ndiaidh aon athrú do na coinníollacha teorann. Caithfear cloí leis na rialacháin náisiúnta maidir le tomhais an ionaid oibre.
3. I gcás cothabháil an ghléasra pacáistithe aiseiptigh (e.g. glanadh láimhe, eachtraí teicniúla nó deisiú) is gá TCP iomchuí (trealamh cosanta riospráide, lámhainní cosanta ceimiceacha, coverall cosanta ceimiceach (cineál 6 ar a laghad), cosaint súl). Tá an cineál RPE agus an cineál scagaire (litir chóid, dath) le sonrú ag sealbhóir an údaraithe laistigh den fhaisnéis táirge. Ábhar glove le sonrú ag an sealbhóir údaraithe laistigh den fhaisnéis táirge.

Úsáid i meaisíní aiseipteacha pacáistithe atá dúnta agus gan aon astaíocht d'uisce agus ach astaíochtaí diomaibhseacha don aer. Caithfear astú na sárocsaíde hidrigine don aer a rialú ag meaisín e.g. trí chóireáil chatalaíoch nó trí sciúthóir gáis.

4.1.3 *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, sonraí maidir le héifeachtaí díreacha nó indíreacha dóchúla, treoracha garchabhrach agus bearta éigeandála chun an comhshaol a chosaint*

Féach ar threoracha coitianta mar gheall ar úsáid.

4.1.4 *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, na treoracha chun an táirge agus a phacáistiú a dhiúscairt go sábháilte*

Féach ar threoracha coitianta mar gheall ar úsáid.

4.1.5 *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, coinníollacha stórála agus seilfré an táirge de réir na ngnáthdhálaí stórála*

Féach ar threoracha coitianta mar gheall ar úsáid.

5 TREORACHA GINEARÁLTA ÚSÁIDE MAIDIR LE MEITEA-SPC 2

5.1 **Treoracha úsáide**

-

5.2 **Bearta maolaithe riosca**

Ní mór duit cosaint súile a chaitheamh nuair a lámhsíonn tú an táirge.

Caith aghaidhsciath chun steallta a sheachaint.

5.3 **Sonraí maidir le héifeachtaí díreacha nó indíreacha dóchúla, treoracha garchabhrach agus bearta éigeandála chun an comhshaol a chosaint**

Sonraí mar gheall ar éifeachtaí díobhálacha díreacha nó neamhdhíreacha a d'fhéadfadh tarlú:

— I gcás ionanálaithe: Deacrachtaí análaithe, casacht, éidéime scámhógach, masmas, urlacan.

— I gcás theagmháil leis an gcraiceann: Deirge, fíochán ata, greannú craicinn.

— I gcás teagmhála leis na súile: Deirge, deora, fíochán ata, dónna dona.

— I gcás iongháibhála: Masmas, tinneas boilg, urlacan a bhfuil fuil ann, buinneach casacht, gearranáil atá géar, dónna dona béil agus scórnaí agus chomh maith le contúirt an t-éasafagas agus an goile a bheith pollta. Riosca de neamhord riospráide.

Treoracha maidir le garchabhair:

SA CHÁS GUR IONANÁLAIGH TÚ É: Má tharlaíonn aon siomptóim, glao ar ionad nimhe nó glao ar dhoctúir.

SA CHÁS GO BHFUIL SÉ AR CHRAICEANN: Ar an toirt glan an chraiceann le neart uisce. Ina dhiaidh sin, bain díot gach píosa éadaigh éillithe agus glan é roimh é a úsáid arís. Lean ar aghaidh ag glanadh an chraicinn le huisce ar feadh tréimhse ama 15 nóiméad. Cuir glao teileafóin ar ionad nimhe nó ar doctúir.

SA CHÁS GO BHFUIL SÉ SNA SÚILE: Sruthlaigh iad le huisce ar feadh roinnt nóiméad. Bain díot do lionsaí tadhaill má tá cinn ort agus má tá sé éasca iad a bhaint. Lean ar aghaidh ag sruthlú ar feadh tréimhse 15 nóiméad. Glaoigh ar 112/otharcharr chun cabhair leighis a fháil.

SA CHÁS GUR SLOG TÚ É: Sruthlaigh do bhéal le huisce. Tabhair deoch don duine atá gan cosaint ar an gceimiceán más féidir leo slogadh. NÁ hurlaic. Glaoigh ar 112/otharcharr chun cabhair leighis a fháil.

Bearta éigeandála an timpeallacht a chosaint i gcás timpiste:

— Réamhchúraimí timpeallachta:

  Ná scaoil amach é. Sa chás go n-éilleann an táirge aibhneacha, lochanna nó draenacha, cuir na húdaráis chuí ar an eolas faoin scéal.

— Modhanna agus ábhair chun aon timpiste a rialú agus a ghlanadh:

  Caolaigh é le neart uisce. Dambáil é. Ná measc sruthanna dramhaíola nuair a bhailítear é. Maothaigh é le hábhair ionsúiteacha atá támh. Coimeád é i gcoimeadáin a bhfuil lipéidí cearta orthu. Coimeád é i gcoimeadáin dúnta atá cuí le haghaidh diúscartha. Ná chur ar ais riamh aon doirteadh sna bhunchoimeadáin chun a bheith úsáidte arís.

5.4 **Treoracha chun an táirge agus a phacáistiú a dhiúscairt go sábháilte**

Ná lig táirgí neamhchaolaithe dul sa séarach. Ná scaoil amach aon táirge neamhúsáidte ar an talamh, i gcúrsaí uisce, i bpíoba (folcadán, leithris...) nó i ndraenacha. Ná cuir ar aghaidh ach coimeadáin agus pacáistiú atá folamh chun a bheith athchúrsáilte. Caithfear diúscairt phacáistithe an reachtaíocht diúscairt dramhaíola a chomhlíonadh mar aon le riachanais áitiúla eile.

5.5 **Coinníollacha stórála agus seilfré an táirge de réir na ngnáthdhálaí stórála**

Stóráil: Caithfear sárocsaíd hidrigine a stóráil in umair stórála a bhí deartha i gceart nó sa bhunchoimeádán a bhfuil gaothairí iontu agus a bhfuil ina seasamh i bhfad ó tháirgí neamhréititheacha. Ná úsáid ach ábhair thógála faofa mar gheall ar threalamh nó pacaí atá faofa. Stóráil é in áit fhionnuar atá aeráilte agus cosain é ó dhochar agus in áit nach mbeidh an ghrian ag soilsiú go díreach air. Ná stórail é ag teochtaí níos mó ná 40°C.

Coimeád é i bhfad ó ábhair indóite agus foinsí adhainte agus teasa.

Seilfré: 12 mí i bpacaí HDPE ag teocht chomhthimpeallach.

6 FAISNÉIS EILE

Bí ar an eolas faoin luach tagartha de chuid na hEorpa 1.25 mg/m³ mar gheall ar an tsubstaint sárocsaíd hidrigine (Uimh. CAS: 7722-84-1) a bhí úsáidte chun measúnú riosca a dhéanamh don táirge seo.

7 AN TRÍÚ LEIBHÉAL FAISNÉISE: TÁIRGÍ AONAIR I MEITEA-SPC 2

7.1 **Trádainm (nó trádainmneacha), uimhir údaraithe agus comhdhéanamh sonrach gach táirge aonair**

Trádainm/trádainmneacha	AB H2O2 4
	FINK - Ö 6P
	FINK - Oxi 6P
	FINK - Oxi 26P
	Öron 6P
	Ökoron® 6P
	WH R aktiv 25
	Hydroper 25
	Waperox Des
	KEM-SEPT KS 1025
	PIRANA 2510
	DAB 1425
	FoodClean DES 49
Uimhir an údaraithe	EU-0036534-0002 1-2

Gnáthainm	Ainm IUPAC	Feidhm	Uimhir CAS	Uimhir CE	Cion (%)
Hydrogen peroxide		Substaint ghníomhach	7722-84-1	231-765-0	25,7 % (w/w)

1 MEITEA-SPC 3 FAISNÉIS RIARACHÁIN

1.1 **MEITEA-SPC 3 aitheantóir**

Aitheantóir	Meta SPC: Meta SPC 5

1.2 **Iarmhír na huimhreach údaraithe**

Uimhir	1-3

1.3 **Cineál nó cineálacha táirge**

Cineál nó cineálacha táirge	PT04: Limistéar bia agus beatha

2 COMHDHÉANAMH META SPC 3

2.1 **Faisnéis cháilíochtúil agus chainníochtúil faoi chomhdhéanamh meitea-SPC 3**

Gnáthainm	Ainm IUPAC	Feidhm	Uimhir CAS	Uimhir CE	Cion (%)
Hydrogen peroxide		Substaint ghníomhach	7722-84-1	231-765-0	35 - 35,7 % (w/w)

2.2 **Cineál/cineálacha foirmlithe meitea-SPC 3**

Cineál nó cineálacha foirmlithe	AL Aon leacht eile

3 RÁITIS GHUAISE AGUS RÉAMHCHÚRAIM MEITEA-SPC 3

Ráitis ghuaise	H272: D'fhéadfadh sé cur le tine; ocsaídeoir. H302: Díobhálach má shlogtar é. H315: Ina chúis le greannú craicinn. H318: Ina chúis le damáiste tromchúiseach don tsúil. H335: D'fhéadfadh sé a bheith ina chúis le greannú riospráide. H412: Díobhálach don saol uisceach, le héifeachtaí fadtréimhseacha.
Ráitis réamhchúraim	P210: Coimeád ó theas, dromchlaí te, splancacha, lasair gan chosaint agus foinsí eile adhainte. Ná caitear tobac. P220: Coimeád glan ar éadaí agus ar ábhair indóite eile. P261: Seachain gala a análú. P264: Nigh hands go lánchúramach tar éis láimhsithe. P270: Ná hith, ná hól nó ná caith tobac nuair atá an táirge seo in úsáid agat. P271: Úsáid amuigh faoin aer nó i limistéar dea-aerálaithe amháin. P273: Ná scaoiltear amach sa chomhshaol. P280: Caith lámhainní cosanta. P280: Caith éadaí cosanta. P280: Caith súilchosaint. P280: Caith aghaidhchosaint. P301+P312: MÁ SHLOGTAR É: Cuir glao ar POISON CENTER/ doctor má bhraitheann tú tinn. P302+P352: I gCÁS TEAGMHÁIL LEIS AN gCRAICEANN: Nigh le neart uisce. P304+P340: MÁ IONANÁLAÍTEAR É: Tabhair an duine amach faoin aer úr agus cinntigh go bhfuil an duine in ann análú go compordach. P305+P351+P338: I gCÁS TEAGMHÁIL LEIS NA SÚILE: Sruthlaítear go faichilleach le huisce ar feadh roinnt nóiméad. Bain amach lionsaí tadhaill, má tá siad á gcaitheamh agus más féidir iad a bhaint amach go héasca. Lean leis an sruthlú. P310: Cuir glao láithreach ar POISON CENTER or doctor. P330: Sruthlaítear an béal. P332+P313: I gcás greannú craicinn: Faigh comhairle liachta. P332+P313: I gcás greannú craicinn: Faigh cóir liachta. P362+P364: Bain díot láithreach na héadaí éillithe agus nigh iad sula ndéanfar iad a athúsáid. P370+P378: I gcás dóiteáin: Úsáid water le haghaidh múchta. P403+P233: Stóráil in áit dhea-aeráilte. Coimeád an coimeádán dúnta go docht.

	P405: Stóráil faoi ghlas. P501: Diúscair ábhar de réir rialachán áitiúil/réigiúnach/náisiúnta/idirnáisiúnta. P501: Diúscair coimeádán de réir rialachán áitiúil/réigiúnach/náisiúnta/idirnáisiúnta.

4 ÚSÁID/ÚSÁIDÍ ÚDARAITHE MEITEA-SPC

4.1 **Tuairisc úsáide**

Ábhar pacáistithe bia a dhíghalrú (pacáistiú aiseipteach) trí é a thumadh nó ag úsáid sárocsaíd hidrigine atá aerasólaithe nó galaithe (VHP)

An cineál táirge	PT04: Limistéar bia agus beatha
I gcás inarb ábhartha, tuairisc bheacht ar an úsáid údaraithe	Neamhábhartha
Spriocorgánach (nó spriocorgánaigh) (lena n-áirítear céim na forbartha)	Ainm eolaíoch: níl aon sonraí ar fáil Gnáthainm: spóir baictéarach Céim na forbartha: níl aon sonraí ar fáil
Réimse (nó réimsí) úsáide	úsáid laistigh Úsáid thionsclaíoch - bia agus in earnáil an bhia cothaithe. Díghalrú a dhéanamh ar ábhar pacáistithe bia.
Modh (nó modhanna) úsáide	Airí modha: - Tuairisc mhionsonraithe ar an airí: Tumadh uathoibrithe d'ábhar pacáistithe i bhfolcadán de tháirge téite i meaisín aiseipteach líonta. Galú nó aerasólú uathoibrithe d'áiteanna séalaithe i meaisín aiseipteach líonta.
Ráta (nó rátaí) agus minicíocht feidhmithe	Ráta úsáide: Úsáidtear táirge neamhchaolaithe (35 % w/w de shárocsaíd hidrigine). Is é ídiú an táirge i bhforchuir galaithe agus aerasólaithe ná 0.1 – 1 mL sa soicind in aghaidh na líne phacáistithe nuair atá an meaisín ar siúl. Airí uainithe: Uimhir agus amú na bhforchur de réir mar is gá don úsáideoir. Feidhmíonn meaisíní suas go 120 uaire in aghaidh na seachtaine.
Catagóir (nó catagóirí) úsáideoirí	gairmiúil
Méideanna paca agus ábhar pacáistíochta	Pacáistiú HDPE: 0.25, 1, 2.5, 5, 10, 20, 22, 30, 60, 200, 220 agus 1 000 L (IBC). Grádanna ceadaithe do HDPE.

4.1.1 *Treoracha úsáidsonracha úsáide*

Úsáid uathchóras uaslódála.

Tumadh: tum pacáistiú glan sa táirge neamhchaolaithe de réir treoracha an mheasín pacáistiú. Cinntear an éifeachtúlacht díghalraithe de réir an t-am tumtha, teocht agus ábhair pacáistithe.

Taispeánadh éifeachtúlacht trí phacáistí bia cartán a thumadh i ndabhach 80 ° C ar feadh 2.5 s.

Sa chás go laghdaíonn tiúchán na sárocsaíd hidrigine san fholcadán go leibhéal níos lú ná 32 % le linn na tréimhse oibríochta, cuir ina hionad níos mó táirge.

Gálú: galaigh agus cuir an táirge neamhchaolaithe chun ábhar pacáistithe a ghlanadh de réir treoracha oibriúcháin an mheasín pacáistithe. Galaítear an táirge ag 100-250 °C.

Taispeánadh a éifeachtúlacht trí phacáistí teireataláit poileitiléine a bhí glanta amach le aer 100 °C a raibh 1.1 % (w/w) de tháirge ann ar feadh tréimhse 5.5 seicind.

I ndiaidh steiriliú a dhéanamh, séidtriomaigh an pacáistiú ag úsáid aer te atá steiriúil.

I measc na gcineálacha pacáistithe cuí bhí cairchlár, teireataláit poileitiléine, polaistiréin agus alúmanam.

Ba cheart an feidhmiú díghalraithe de gach meaisín pacáistithe a bhailíochtú ag úsáid táscairí bitheolacha agus ceimiceacha.

Lean treoracha oibriúcháin an mheaisín le linn na tréimhse díghalraithe, eastóscadh de shárocsaíd hidrigine agus athiontráil. Ná lig do dhaoine rochtain ar an áit le linn an phróisis dhíghalraithe.

4.1.2 *Bearta úsáidsonracha maolaithe riosca*

Le linn an oibriúcháin, cinntigh go leor aerú feadh na meaisíní (LEV) agus sna hallaí tionsclaíocha (aerú teicniciúil).

Le linn na tascanna cothabhála láimhe, cinntigh go bhfuil an leibhéal cuí d'aerú laistigh den meaisín (LEV) roimh doirse an cheantiar aiseipteach a oscailt.

1. Ní aistreofar an táirge ach i bpíoba dúnta tar éis meascadh agus lódáil. Ní cheadaítear dramhaíl ó shreabha uisce nó ó tháirge oscailte.
2. Cuirfear ar siúl tomhais scaoilte san ionad oibre go rialta agus úsáidfear trealamh tomhais cuí mar gheall air tar éis an mhonarcha phacáistithe aiseipteach a chur i bhfeidhm, (moltar é a dhéanamh ar bhonn bliantúil) agus i ndiaidh aon athrú do na coinníollacha teorann. Caithfear cloí leis na rialacháin náisiúnta maidir le tomhais an ionaid oibre.
3. I gcás chothabháil na monarchan aiseiptí (e.g. glantachán láimhe, eachtraí teicniciúla nó deisiúchán) tá sé riachtanach PPE cuí a chaitheamh (trealamh cosanta riospráide, lámhainní cosanta ceimiceacha, rabhlaer cosanta ceimiceach (ar a laghad cineál 6), súilchosaint). Sainníonn an coinneálaí údaraithe an cineál RPE agus scagaire (cód agus dath) laistigh d'eolas an táirge. Sainfidh an coinneálaí údaraithe ábhar na lámhainní laistigh d'eolas an táirge

Níor ceart forchur aerasólaithe nó galaithe a úsáid ach i meaisíní aiseipteacha pacáistithe atá dúnta agus gan aon astaíocht d'uisce agus ach astaíochtaí diomaibhseacha don aer. Caithfear astú na sárocsaíde hidrigine don aer a rialú ag meaisín e.g. trí chóireáil chatalaíoch nó trí sciúthóir gáis.

4.1.3 *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, sonraí maidir le héifeachtaí díreacha nó indíreacha dóchúla, treoracha garchabhrach agus bearta éigeandála chun an comhshaol a chosaint*

Féach ar threoracha coitianta mar gheall ar úsáid.

4.1.4 *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, na treoracha chun an táirge agus a phacáistiú a dhiúscairt go sábháilte*

Féach ar threoracha coitianta mar gheall ar úsáid.

4.1.5 *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, coinníollacha stórála agus seilfré an táirge de réir na ngnáthdhálaí stórála*

Féach ar threoracha coitianta mar gheall ar úsáid.

4.2 **Tuairisc úsáide**

Áiteanna dúnta a dhíghalrú i meaisíní aiseipteacha pacáistithe ag úsáid sárocsaíd hidrigine atá aerasólaithe agus galaithe (VHP)

An cineál táirge	PT04: Limistéar bia agus beatha
I gcás inarb ábhartha, tuairisc bheacht ar an úsáid údaraithe	Neamhábhartha
Spriocorgánach (nó spriocorgánaigh) (lena n-áirítear céim na forbartha)	Ainm eolaíoch: níl aon sonraí ar fáil Gnáthainm: spóir baictéarach Céim na forbartha: níl aon sonraí ar fáil

Réimse (nó réimsí) úsáide	úsáid laistigh Úsáid thionsclaíoch - bia agus in earnáil an bhia cothaithe. Dromchlaí neamhphóiriúla a dhíghalrú.
Modh (nó modhanna) úsáide	Airí modha: - Tuairisc mhionsonraithe ar an airí: Galú nó aerasólú uathoibrithe d'áiteanna dúnta i meaisíní aiseipteacha líonta.
Ráta (nó rátaí) agus minicíocht feidhmithe	Ráta úsáide: Úsáidtear táirge neamhchaolaithe (35 % w/w de shárocsaíd hidrigine). Úsáidtear idir 100 agus 800 mL den táirge ar feadh thimthriall díghalraithe amháin a dhéanamh. Airí uainithe: Minicíocht - de réir mar is gá don úsáideoir, de ghnáth uair amháin in aghaidh thréimhse 24 uaire.
Catagóir (nó catagóirí) úsáideoirí	gairmiúil
Méideanna paca agus ábhar pacáistíochta	Pacáistiú HDPE: 0.25, 1, 2.5, 5, 10, 20, 22, 30, 60, 200, 220 agus 1000 L (IBC). Grádanna ceadaithe do HDPE.

4.2.1 *Treoracha úsáidsonracha úsáide*

Úsáid uathchóras uaslódála.

